C/2024/1968

29.2.2024

Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ainmníocht bhuiséadach iomchuí le haghaidh na Saoráide don Úcráin

(C/2024/1968)

Gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus do chumhachtaí an Choimisiúin an dréachtbhuiséad a bhunú, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún a mholadh go gcruthófaí líne bhuiséid amháin ar a laghad do Cholún I den tSaoráid don Úcráin, dhá líne bhuiséid faoi Cholún II, lena n-áirítear le haghaidh soláthar don Chiste don Soláthar Coiteann le haghaidh na Ráthaíochta don Úcráin a bhunaítear faoi Chaibidil IV den Rialachán maidir le Saoráid na hÚcráine, trí líne bhuiséid faoi Cholún III le haghaidh Bearta cúnaimh agus eile maidir le haontachas leis an Aontas, na fóirdheontais i leith costais iasachtaíochta agus soláthar don Chiste don Soláthar Coiteann – Leagáide, agus líne bhuiséid shonrach le haghaidh caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an tSaoráid a chur chun feidhme.